C/2025/3369

18.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11994 – BCI / ETHOS / OTPP / BROADSTREET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3369)

1. An 10 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Ethos Capital LP ('Ethos Capital', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú Ethos Capital GP LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ('OTPP', Ceanada).

Gheobhaidh BCI, Ethos Capital, agus OTPP comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BroadStreet Partners, Inc. ('BroadStreet', nó 'an Comhfhiontar') ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia, Ceanada é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann a chliant ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Ethos Capital a dhéanann infheistíochtaí rialú tromlaigh agus mionlaigh i gcuideachtaí meánmhargaidh, go príomha ar fud Mheiriceá Thuaidh agus na hEorpa,

— Is corparáid gan scairchaipiteal é OTPP atá ionchorpraithe faoi Acht Pinsean na Múinteoirí (Ontario). Baineann sé le riar domhanda sochar pinsin agus le hinfheistíocht dhomhanda sócmhainní plean pinsin a dhéantar thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor in Ontario, Ceanada.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair:

— Is bróicéireacht árachais meánmhargaidh é BroadStreet, a dhíríonn ar réadmhaoin tráchtála agus phearsanta agus árachas taismigh agus sochair fostaithe. Tá a ghníomhaíochtaí laistigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada go heisiach, beagnach. Tá BroadStreet faoi rialú aonair OTPP faoi láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11994 — BCI / ETHOS / OTPP / BROADSTREET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË